



**Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 24 Meitheamh
2025 – LN v Italia Trasporto Aereo S.p.A. dbé ITA Airways Frankfurt/Main**

(Cás T-445/25, ITA Airways)

(C/2025/4889)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Amtsgericht Frankfurt am Main

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: LN

Cosantóir: Italia Trasporto Aereo S.p.A. dbé ITA Airways Frankfurt/Main

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An bhfuil paisinéirí, tar éis chealú na heitilte bunaidh níos lú ná 7 lá roimh an am imeachta a bhí sceidealaithe de réir bhrí Airteagal 5(1)(c)(iii) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le chúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitilt ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 ('Rialachán (CE) 261/2004') nár táirgeadh athróid dóibh a chuirfeadh ar a gcumas imeacht tráth nach déanaí ná uair amháin roimh an am imeachta a bhí sceidealaithe agus a gceann scríbe deiridh a bhaint amach tráth nach déanaí ná dhá uair an chloig tar éis an ama teachta sceidealaithe, eisiata ó chúiteamh faoi Airteagal 5(1)(c) agus Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) 261/2004, i gcás inar chuir siad eitilt mhalartach in áirithe go neamhspleách a chuir ar a gcumas a gceann scríbe deiridh a bhaint amach le moill níos lú ná dhá uair an chloig agus gur imigh an eitilt mhalartach ó aerfort difriúil ón eitilt a cuireadh ar ceal?
2. Mura mbíonn na paisinéirí eisiata go ginearálta ó chúiteamh sa chás sin, an bhfuil siad eisiata ó chúiteamh i gcás ina bhfuil an t-aerfort eile níos gaire don áit ónar thaistil siad chuig an aerfort ná an áit imeachta bhunaidh agus má tá an turas ann níos giorra ná an turas chuig an áit imeachta bhunaidh agus mura raibh siad tar éis taisteal chuig an aerfort fós nuair a cuireadh an cealú in iúl dóibh?